2024/251

17.1.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/251 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Eanáir 2024**

**maidir le hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, lena leasaítear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012, (AE) Uimh. 1119/2012, (AE) Uimh. 1113/2013 agus (AE) Uimh. 304/2014 agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 agus (AE) Uimh. 2019/764**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 ón gCoimisiún údaraíodh na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar*Lactobacillus plantarum*) CNCM I-3235 agus *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus plantarum* CNCM MA 18/5U) ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([2]).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 304/2014 ón gCoimisiún, údaraíodh an ullmhóid *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([3]).

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1119/2012 ón gCoimisiún údaraíodh na hullmhóidí *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar*Pediococcus acidilactici* CNCM MA 18/5M - DSM 11673) agus*Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([4]).

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2012 maidir leis na hullmhóidí *Lactobacillus plantarum* (DSM 23375, CNCM I-3235, DSM 19457, DSM 16565, DSM 16568, LMG 21295, CNCM MA 18/5U, NCIMB 30094, VTT E-78076, ATCC PTSA-6139, DSM 18112, DSM 18113, DSM 18114, ATCC 55943 agus ATCC 55944) a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 314, 14.11.2012, lch. 15).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 304/2014 ón gCoimisiún an 25 Márta 2014 maidir le hullmhóidí *Enterococcus faecium* NCIMB 10415, *Enterococcus faecium* DSM 22502 agus *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 90, 26.3.2014, lch. 8).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1119/2012 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2012 maidir le hullmhóidí *Pediococcus acidilactici* CNCM MA 18/5M DSM 11673, *Pediococcus pentosaceus* DSM 23376, NCIMB 12455 agus NCIMB 30168, *Lactobacillus plantarum* DSM 3676 agus DSM 3677 agus *Lactobacillus buchneri* DSM 13573 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 330, 30.11.2012, lch. 14).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 ón gCoimisiún údaraíodh an ullmhóid *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Propionibacterium acidipropionici* CNCM MA 26/4U) ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([5]).

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1113/2013 ón gCoimisiún údaraíodh an ullmhóid *Lentilactobacillus buchneri* (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus buchneri*) NCIMB 40788/CNCM I-4323 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([6]).

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/764 ón gCoimisiún údaraíodh an ullmhóid *Lentilactobacillus hilgardii* (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus hilgardii*) CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus buchneri*) CNCM I-4323/NCIMB 40788 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([7]).

(8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 cuireadh iarratas isteach chun údarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus. buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 mar bhreiseáin bheathaithe a athnuachan le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratais inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.

(9) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 31 Eanáir 2023 ([8]) go bhfuil na hullmhóidí thuasluaite fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Chinn sé chomh maith gur cheart a mheas gur íogróirí riospráide iad na breiseáin. In éagmais aon sonraí, ní fhéadfaí teacht ar chonclúid maidir leis an íogrú craicinn a d'fhéadfadh na breiseáin a dhéanamh, ná maidir leis an ngreannaitheacht craicinn/súl a d'fhéadfadh a bheith sna breiseáin, ach amháin i gcás *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, a mheastar nach greannaitheoir craicinn ná súl é. Chuir an tÚdarás in iúl freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbreiseán i gcomhthéacs athnuachan an údaraithe.

(10) Mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sna measúnaithe roimhe seo, maidir leis na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 mar bhreiseáin bheathaithe i gcomhthéacs leis na húdaruithe a eisíodh roimhe seo, go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([9]), níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le húdarú ullmhóide *Propionibacterium acidipropionici* (CNCM MA 26/4U) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 297, 26.10.2012, lch. 15).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1113/2013 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2013 maidir le hullmhóidí *Lactobacillus plantarum* NCIMB 40027, *Lactobacillus buchneri* DSM 22501, *Lactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323, *Lactobacillus buchneri* LN 40177/ATCC PTA-6138, agus *Lactobacillus buchneri* LN 4637/ATCC PTA-2494 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 298, 8.11.2013, lch. 29).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/764 ón gCoimisiún an 14 Bealtaine 2019 maidir le hullmhóid *Lactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 126, 15.5.2019, lch. 1).

([8]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(2):7865.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

(11) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú na mbreiseán sin a athnuachan. Thairis sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(12) Mar thoradh ar údarú na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, ba cheart Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012, (AE) Uimh. 1119/2012, (AE) Uimh. 1113/2013 agus (AE) Uimh. 304/2014 a leasú agus ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 agus (AE) Uimh. 2019/764 a aisghairm.

(13) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, na modhnuithe ar na coinníollacha a chur i bhfeidhm láithreach maidir le húdarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788, maidir le hathrú tacsanomaíoch na miocrorgánach atá mar chuid díobh, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú d'fhonn na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Údarú na n-ullmhóidí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1065/2012**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1065/2012, scriostar iontráil 1k20718 a bhaineann le *Lactobacillus plantarum* (CNCM I-3235) agus iontráil 1k20722 a bhaineann le *Lactobacillus plantarum* (CNCM MA 18/5U).

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1119/2012**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1119/2012, scriostar iontráil 1k2104 a bhaineann le *Pediococcus acidilactici* CNCM MA 18/5M DSM 11673 agus iontráil 1k2106 a bhaineann le *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455.

*Airteagal 4*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1113/2013**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1113/2013, scriostar iontráil 1k20739 a bhaineann le *Lactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323.

*Airteagal 5*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 304/2014**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 304/2014, scriostar iontráil 1k21009 a bhaineann le *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237.

*Airteagal 6*

**Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 agus (AE) 2019/764**

Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2012 agus (AE) 2019/764.

*Airteagal 7*

**Bearta idirthréimhseacha**

Na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736, *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622, *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661, *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 agus *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 a shonraítear san Iarscríbhinn agus an bheatha a bhfuil siad inti, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear faoin 6 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 6 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20717 | *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235 ina bhfuil íoschion 5 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* CNCM I-3235<br><br>*Modh anailíse* (1)<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15787<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 2 × $10^{7}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20722 | *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736 ina bhfuil íoschion 2 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11672/CNCM I-3736<br><br>*Modh anailíse* [1]<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15787<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

[1] Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k21009 | *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237 ina bhfuil íoschion 1 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Pediococcus acidilactici* CNCM I-3237<br><br>*Modh anailíse* (1)<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15786<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 5 × $10^7$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |
| 1k2104 | *Pediococcus acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 11673/CNCM I-4622 ina bhfuil íoschion 3 × $10^9$ CFU/g de bhreiseán.<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Pediococcus. acidilactici* DSM 11673/CNCM I-4622<br><br>*Modh anailíse* (1)<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15786<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 3 × $10^7$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2106 | *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455 ina bhfuil íosmhéid 3 x$10^9$CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Pediococcus pentosaceus* NCIMB 12455<br><br>*Modh anailíse* [1]<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15786<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 3 × $10^7$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

[1] Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2111 | *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661 ina bhfuil íoschion 1 × $10^8$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Acidipropionibacterium acidipropionici* CNCM I-4661<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15787<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20739 | *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323 ina bhfuil íoschion $3 \times 10^9$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Lentilactobacillus buchneri* NCIMB 40788/CNCM I-4323<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15787<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir na mbreiseán teicneolaíoch. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20757 | *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/ NCIMB 40788 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788 ina bhfuil íoschion 1,5 x $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán (cóimheas 1:1)<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Cealla inmharthana *Lentilactobacillus hilgardii* CNCM I-4785 agus *Lentilactobacillus buchneri* CNCM I-4323/NCIMB 40788<br><br>*Modh anailíse* [1]<br>— Áireamh: Modh an leata ar phláta: EN 15787<br>— Sainaithint: Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 3 × $10^{8}$ CFU/kg (*L. hilgardii* CNCM I-4785 agus *L. buchneri* CNCM I-4323/ NCIMB 40788 i gcóimheas 1:1) d'ábhar úr a bhfuil sé éasca agus measartha deacair sadhlas a dhéanamh as [2].<br>3. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 6 Feabhra 2034 |

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

(2) Foráiste a bhfuil sé éasca sadhlas a dhéanamh as: > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha ina ábhar úr. foráiste a bhfuil sé measartha deacair sadhlas a dhéanamh as: > 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr. Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1)